BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Achomharc – Comhshaol agus cosaint do shláinte an duine – Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 – Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán – Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 – Aicmiú dé-ocsaíde tíotáiniam i bhfoirm púdair ina bhfuil 1 % nó níos mó de cháithníní ar trastomhas níos lú ná nó cothrom le 10 µm – Critéir maidir le substaint a aicmiú mar charcanaigin – Inchreidteacht agus inghlacthacht staidéar eolaíochta – Ríomh fharasbarr na scamhóige i gcáithníní – Cineál 'cinntitheach' staidéir eolaíochta – Saobhadh na fianaise – Earráid dlí – Rogha maidir le paraiméadair an ríofa – Dlús na gcáithníní – Measúnú de chineál eolaíochta – Sárú theorainneacha an athbhreithnithe bhreithiúnaigh – An coincheap 'airíonna intreacha' – Forais iomarcacha)

I gCásanna Uamtha C-71/23 P agus C-82/23 P,

DHÁ ACHOMHARC faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 8 agus an 14 Feabhra 2023,

Poblacht na Fraince, dá ndéanann, ar dtús, G. Bain, J.-L. Carré agus B. Fodda, agus ina dhiaidh sin, G. Bain, B. Fodda agus B. Travard agus, ar deireadh, P. Chansou, B. Fodda agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

achomharcóir i gCás C-71/23 P,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann A. Dawes, S. Delaude, R. Lindenthal agus M. Noll-Ehlers, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

achomharcóir i gCás C-82/23 P,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

CWS Powder Coatings GmbH, atá bunaithe in Düren (an Ghearmáin),

Brillux GmbH & Co. KG, atá bunaithe in Münster (an Ghearmáin),

Daw SE, atá bunaithe in Ober-Ramstadt (an Ghearmáin),

dá ndéanann V. Lemonnier, C. Wagner, Rechtsanwälte, agus R. van der Hout, advocaat, ionadaíocht,

cosantóirí ag an gcéad chéim,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis agus an Béarla.

Billions Europe Ltd, atá bunaithe in Stockton-on-Tees (an Ríocht Aontaithe),

Cinkarna Metalurško-kemična Industrija Celje d.d. (Cinkarna Celje d.d.), atá bunaithe in Celje (an tSlóivéin),

Evonik Operations GmbH, atá bunaithe in Essen (an Ghearmáin),

Kronos Titan GmbH, atá bunaithe in Leverkusen (an Ghearmáin),

Precheza a.s., atá bunaithe in Přerov (Poblacht na Seice),

Tayca Corp., atá bunaithe in Ósaca (an tSeapáin),

Tronox Pigments (Holland) BV, atá bunaithe in Rozenburg (an Ísiltír),

Venator Germany GmbH, atá bunaithe in Duisburg (an Ghearmáin),

dá ndéanann, ar dtús, P. Chopova-Leprêtre, T. Delille agus J.-P. Montfort, avocats, agus ina dhiaidh sin, P. Chopova-Leprêtre agus J.-P. Montfort, avocats, ionadaíocht,

cosantóirí agus idiragraithe ag an gcéad chéim,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann, A. Dawes, S. Delaude, R. Lindenthal agus M. Noll-Ehlers, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht (C-71/23 P),

cosantóir ag an gcéad chéim,

Ríocht na Danmhairge,

Poblacht na Fraince, dá ndéanann, ar dtús, G. Bain, J.-L. Carré agus B. Fodda, agus ina dhiaidh sin, G. Bain, B. Fodda agus B. Travard agus, ar deireadh, P. Chansou, B. Fodda agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht (C-82/23 P),

Ríocht na hÍsiltíre, dá ndéanann M. K. Bulterman agus C. S. Schillemans, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Poblacht na Slóivéine,

Ríocht na Sualainne, dá ndéanann H. Eklinder, F.L. Göransson, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson, R. Shahsavan Eriksson, H. Shev agus O. Simonsson, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Parlaimint na hEorpa,

Comhairle an Aontais Eorpaigh,

an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), dá ndéanann W. Broere, A. Hautamäki, M. Heikkilä, C. Jacquet agus J.-P. Trnka, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

Sto SE & Co. KGaA, ar a dtugtaí Sto AG roimhe seo, atá bunaithe in Stühlingen (an Ghearmáin),

Ettengruber GmbH Abbruch und Tiefbau, atá bunaithe in Dachau (an Ghearmáin),

Ettengruber GmbH Recycling und Verwertung, atá bunaithe in Dachau,

TIGER Coatings GmbH & Co. KG, atá bunaithe in Wels (an Ostair),

Rembrandtin Coatings GmbH, atá bunaithe i Vín (an Ostair),

dá ndéanann V. Lemonnier, C. Wagner, Rechtsanwälte, agus R. van der Hout, advocaat, ionadaíocht,

an Chomhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán – European Chemical Industry Council (Cefic), atá bunaithe sa Bhruiséil (an Bheilg), dá ndéanann, ar dtús, D. Abrahams, Z. Romata agus H. Widemann, avocats, agus ina dhiaidh sin, D. Abrahams agus Z. Romata, avocats, ionadaíocht,

Comhairle Eorpach um Thionscal na bPéinteanna, na nDúch Priontála agus na nDathanna Ealaíontóirí (CEPE), atá bunaithe sa Bhruiséil,

British Coatings Federation Ltd (BCF), atá bunaithe in Coventry (an Ríocht Aontaithe),

American Coatings Association, Inc. (ACA), atá bunaithe in Washington (na Stáit Aontaithe),

dá ndéanann I. Antypas agus D. Waelbroeck, avocats, ionadaíocht,

Mytilineos SA, atá bunaithe in Maroussi (an Ghréig),

Delfi-Distomon Anonymos Metalleytiki Etaireia, atá bunaithe in Maroussi,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún, Uachtarán Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir), J. Passer, B. Smulders agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: M. Krausenböck, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 7 Samhain 2024,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Feabhra 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína gcaingne faoi seach, iarrann Poblacht na Fraince agus an Coimisiún Eorpach go gcuirfí ar neamhní an breithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 23 Samhain 2022, *CWS Powder Coatings agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-279/20, T-283/20 agus T-288/20, 'an bhreithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2022:725) lenar chuir sí ar neamhní Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO 2020 L 44, lch. 1 agus ceartúchán IO 2021 L 214, lch. 72, 'an Rialachán atá faoi chonspóid'), maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe dé-ocsaíde tíotáiniam i bhfoirm púdair ina bhfuil 1 % nó níos mó de cháithníní ar trastomhas níos lú ná nó cothrom le 10 µm ('an t-aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid').

An dlí lena mbaineann

2 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO 2008 L 353, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO 2019 L 198, lch. 241) ('Rialachán Uimh. 1272/2008'), dar teideal 'Cuspóir agus Raon Feidhme':

'Is é cuspóir an Rialacháin seo leibhéal ard cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a áirithiú chomh maith le saorghluaiseacht substaintí, meascán agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 4(8) tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na critéir maidir le haicmiú a dhéanamh ar shubstaintí agus ar mheascáin agus na rialacha maidir le lipéadú agus pacáistiú do shubstaintí agus do mheascáin ghuaiseacha a chomhchuibhiú;

[...]

(d) liosta substaintí a bhunú lena n-aicmithe comhchuibhithe agus lena n-eilimintí lipéadaithe ar leibhéal an Chomhphobail i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI;

[...]'

3 De réir Airteagal 2 de Rialachán Uimh. 1272/2008, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) ciallaíonn "aicme ghuaise" nádúr na guaise fisicí, sláinte nó comhshaoil;

2) ciallaíonn "catagóir ghuaise" roinnt na gcritéar laistigh de gach aicme ghuaise, a shonraíonn déine na guaise;

[...]'

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 3 den Rialachán sin, dar teideal ‘Substaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha agus sonrú aicmí guaise’:

‘Substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir maidir le guaiseacha fisiceacha, guaiseacha sláinte nó guaiseacha comhshaoil a leagtar síos i gCuid 2 go Cuid 5 d’Iarscríbhinn I, is substaint ghuaiseach í nó is meascán guaiseach é agus déanfar an tsubstaint sin nó an meascán sin a aicmiú i ndáil leis na haicmí guaise faoi seach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn sin.

[...]’

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 36(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Comhchuibhiú an aicmithe agus an lipéadaithe ar shubstaintí’:

‘De ghnáth, substaint a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I do na nithe seo a leanas, beidh sé faoi réir an aicmithe chomhchuibhithe agus an lipéadaithe chomhchuibhithe de réir Airteagal 37:

[...]

(c) carcanaigineacht, catagóir 1A, 1B nó 2 (Iarscríbhinn I, roinn 3.6);

[...]’

6 Tá Airteagal 37 den Rialachán sin, dar teideal ‘Nós imeachta um chomhchuibhiú an aicmithe agus an lipéadaithe ar shubstaintí’, sna focail a leanas:

‘1. Féadfaidh údarás inniúil togra a chur faoi bhráid [na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)] maidir le haicmiú comhchuibhithe agus lipéadú comhchuibhithe a dhéanamh ar shubstaintí agus, i gcás inarb iomchuí, sainteorainneacha tiúchana [...]

[...]

4. Déanfaidh Coiste um Measúnú Priacail [ECHA], arna bhunú de bhun Airteagal 76(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE, Treoir 93/67/CEE, Treoir 93/105/CE agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 849, agus ceartúchán IO 2007 L 136, lch. 3)], tuairim a ghlacadh maidir le haon togra a chuirtear isteach de bhun mhíreanna (1) nó (2) laistigh de 18 mí ón dáta a bhfaighfear an togra, agus tabharfar deis do na páirtithe barúlacha a nochtadh. Cuirfidh [ECHA] an tuairim seo agus aon bharúlacha ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

5. Glacfaidh an Coimisiún gan moill mhíchuí gníomhartha tarmligthe [...] i gcás ina gcinneann siad gurb iomchuí go gcomhchuibheofar aicmiú agus lipéadú na substainte lena mbaineann, chun Iarscríbhinn VI a leasú tríd an tsubstaint sin a chur san áireamh maille leis na heilimintí ábhartha aicmithe agus lipéadaithe atá i dTábla 3.1 de Chuid 3 d’Iarscríbhinn VI, agus, i gcás inarb iomchuí, na sainteorainneacha tiúchana [...]

[...]’

7 Seo a leanas focail Roinn 1.1.1 dar teideal ‘Ról agus cur i bhfeidhm cinntí atá bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe agus ar thromachar na fianaise’, atá i gCuid 1 maidir leis na prionsabail ghinearálta aicmithe agus lipéadaithe, atá in Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008, dar teideal ‘Ceanglais Aicmithe agus Lipéadaithe le haghaidh Substaintí Guaiseacha agus Meascán’:

‘1.1.1.1. I gcás nach féidir na critéir a chur i bhfeidhm go díreach maidir leis an bhfaisnéis shainaitheanta atá ar fáil, [...] déanfar cinneadh a bheidh bunaithe ar thromachar na fianaise, agus úsáid á baint as breithiúnas saineolaithe [...]

[...]

1.1.1.3. Ciallaíonn cinneadh atá bunaithe ar thromachar na fianaise go ndéanfar an fhaisnéis go léir a mbeadh tionchar aici ar chinneadh faoi ghuais a mheas le chéile, amhail torthaí de thástálacha cuí *in vitro*, sonraí ábhartha ainmhí, [...] taithí dhaonna amhail [...] staidéir eipidéimeolaíocha agus cliniciúla agus tuairiscí cáis agus breathnuithe dea-dhoiciméadaithe. Leagfar an tromachar iomchuí ar cháilíocht agus ar chomhréireacht na sonraí. Déanfar faisnéis maidir le substaintí nó meascáin a bhaineann leis an tsubstaint nó meascán atá á aicmiú nó á haicmiú a mheas mar fhaisnéis atá iomchuí, chomh maith le torthaí staidéir maidir le suíomh gníomhaíochta agus meicníocht nó modh gníomhaithe. Cuirfear torthaí deimhneacha agus diúltacha le chéile in aon chinneadh amháin a bheidh bunaithe ar thromachar na fianaise.

[...]’

8 Seo a leanas focail Roinn 3.6, dar teideal ‘Carcanaigineacht’ atá i gCuid 3 dar teideal ‘Guaiseacha Sláinte’ atá in Iarscríbhinn I:

‘3.6.1. Sainmhíniú

3.6.1.1. Ciallaíonn “carcanaigin” substaint nó meascán de shubstaintí a chothaíonn ailse nó a chuireann lena minicíocht. Maidir le substaintí a chothaigh siadaí neamhurchóideacha agus siadaí urchóideacha i staidéir dhea-dhéanta thurgnamhacha ar ainmhithe, meastar freisin gur carcanaiginí daonna toimhdithe nó inamhrais iad, mura bhfuil fianaise dhaingean ann nach bhfuil meicníocht chruthú an tsiada ábhartha maidir leis an duine.

3.6.2. Critéir aicmithe le haghaidh substaintí

3.6.2.1. Chun críocha a n-aicmithe ó thaobh carcanaigineachta, déantar substaintí a leithdháileadh ar cheann amháin de dhá chatagóir bunaithe ar neart na fianaise agus ar thosca eile (tromachar na fianaise). [...]

Tábla 3.6.1

Catagóirí guaise le haghaidh carcanaiginí

Catagóirí	Critéir
CATAGÓIR 1:	Carcanaiginí daonna aitheanta nó toimhdithe Aicmítear substaint i gCatagóir 1 le haghaidh carcanaigineachta ar bhonn sonraí eipidéimeolaíocha agus/nó ainmhithe. Féadfar substaint a shonrú tuilleadh:
Catagóir 1A:	mar Chatagóir 1A, lenar eol go bhfuil acmhainneacht charcanaigineach maidir le daoine aici; agus an t-aicmiú bunaithe cuid mhór ar fhianaise ón duine, nó
Catagóir 1B:	mar Chatagóir 1B, lena dtoimhdítear go bhfuil acmhainneacht charcanaigineach maidir le daoine aici; agus an t-aicmiú bunaithe cuid mhór ar fhianaise ó ainmhithe. [...]
CATAGÓIR 2:	Carcanaiginí daonna inamhrais | Aicmítear substaint i gCatagóir 2 ar bhonn fianaise a fhaightear ó staidéir ar an duine agus/nó ar ainmhithe, ach nach bhfuil cinntitheach go leor chun an tsubstaint a chur i gCatagóir 1A nó i gCatagóir 1B, bunaithe ar neart na fianaise chomh maith le breithnithe eile (féach roinn 3.6.2.2). Féadfar an fhianaise sin a fháil ó fhianaise theoranta de charcanaigineacht i staidéir ar an duine nó ó fhianaise theoranta de charcanaigineacht i staidéir ar ainmhithe.
[...]	

3.6.2.2. Breithnithe sainiúla maidir le substaintí a aicmiú mar charcanaiginí.

3.6.2.2.1. Déantar aicmiú mar charcanaigin ar bhonn fianaise ó staidéir iontaofa agus inghlactha, agus is lena úsáid le haghaidh substaintí atá sé a bhfuil airí intreach acu chun ailse a chothú. Beidh na meastóireachtaí bunaithe ar na sonraí reatha go léir, ar staidéir fhoilsithe phiar-athbhreithnithe agus ar shonraí breise inghlactha.

3.6.2.2.2.| Is éard atá in aicmiú substainte mar charcanaigin ná próiseas ina bhfuil dhá rud atá gaolmhar lena chéile le déanamh amach: measúnachtaí ar neart na fianaise agus gach eolas ábhartha eile a chur san áireamh chun substaintí a bhfuil sé d'acmhainn acu ailse a chothú sa duine a aicmiú i catagóirí guaise.

[...]

3.6.2.2.4. Breithnithe breise (mar chuid den chur chuige bunaithe ar thromachar na fianaise [...]: De bhreis ar neart na fianaise a dhéanamh amach maidir le carcanaigineacht, caithfear roinnt tosca eile a bhreithniú a bhfuil tionchar acu ar an dóchúlacht fhoriomlán go bhféadfadh substaint a bheith ina guais charcanaigineachta i ndaoine. [...]

[...]'

Cúlra na díospóide

9 Féadfar achoimre a dhéanamh ar na fíorais is bun leis an díospóid, a leagtar amach i míreanna 2 go 15 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

10 Is substaint cheimiceach neamhorgánach í dé-ocsaíd tíotáiniam, ina bhfuil ocsaigin agus tíotáiniam, arb é 'TiO_2' is foirmle mhóilíneach de, agus a bhfuil teacht uirthi sa nádúr agus intáirgthe go tionsclaíoch. Úsáidtear í, go háirithe i bhfoirm lí bhán, mar gheall ar na hairíonna indathaithe agus inteimhneachta, i dtáirgí éagsúla ar nós péinteanna, ábhair curtha brait, vearnaisí, plaistigh, páipéar lannach, cosmaidí, go háirithe cosaint ar an ngrian, cógais, bréagáin agus bia-ábhair.

11 Is déantóirí, allmhaireoirí, úsáideoirí iartheachtacha agus táirgeoirí dé-ocsaíde tíotáiniam iad na cosantóirí.

12 I mí Bealtaine 2016, thaisc an Agence nationale de sécurité sanitaire de l'alimentation, de l'environnement et du travail (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Shlándáil Sláinte ó thaobh Bia, na Timpeallachta agus na hOibre de, an Fhrainc, 'ANSES') do ECHA, de réir Airteagal 37(1) de Rialachán Uimh. 1272/2008, comhad ina moltar go ndéanfaí an dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú agus a lipéadú go comhchuibhithe mar shubstaint charcanaigineach de Chatagóir 1B trí ionanálú (Carc. 1B, H350i).

13 An 31 Bealtaine 2016, foilsíodh an comhad sin, i gcomhréir le hAirteagal 37(4) den Rialachán sin. Thaisc roinnt páirtithe lena mbaineann a mbarúlacha faoin spriocdháta.

14 An 14 Meán Fómhair 2017, ghlac Coiste um Measúnú Rioscaí ECHA ('CMR') tuairim faoin dé-ocsaíd tíotáiniam, ar dé réir a chinn sé go raibh údar le dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú mar shubstaint charcanaigineach de Chatagóir 2, le ráiteas guaise 'H351 (ionanálú)' ('tuairim CMR').

15 De bhun na tuairime sin, dhréachtaigh an Coimisiún dréachtrialachán tarmligthe maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe, *inter alia*, na dé-ocsaíde tíotáiniam, a cuireadh i gcomhairle an phobail idir an 11 Eanáir agus an 8 Feabhra 2019.

16 An 4 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Coimisiún an Rialachán atá faoi chonspóid, lena leasaítear Rialachán Uimh. 1272/2008, go háirithe tríd an aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid. I gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán atá faoi chonspóid, tá feidhm ag na leasuithe ó thaobh an aicmithe sin agus an lipéadaithe sin ón 1 Deireadh Fómhair 2021 ar aghaidh.

17 Ní bhaineann Iarscríbhinn I den Rialachán atá faoi chonspóid leis an leagan Gaeilge.

18 [*omissis*]

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

19 Le trí iarratas a taisceadh le Clárlann na Cúirte Ginearálta (i) ag CWS Powder Coatings GmbH ('CWS') an 12 Bealtaine 2020 i gCás T-279/20, (ii) ag Billions Europe Ltd, Cinkarna Metalurško-kemična Industrija Celje d.d. (Cinkarna Celje d.d.), Evonik Operations GmbH, Kronos Titan GmbH, Precheza a.s., Tayca Corp., Tronox Pigments (Holland) BV agus Venator Germany GmbH ('Billions Europe agus páirtithe eile' le chéile) an 13 Bealtaine 2020 i gCás

T-283/20 agus (iii) ag Brillux GmbH & Co. KG agus Daw SE an 13 Bealtaine 2020 i gCás T-288/20, rinne na cosantóirí sin caingne le haghaidh neamhniú an Rialacháin atá faoi chonspóid, sa mhéid a rinneadh leis an Rialachán sin an t-aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid.

20 De réir ordú Uachtarán an Naoú Dlísheomra den Chúirt an 11 Bealtaine 2022, uamadh Cásanna T-279/20 agus T-288/20 chun críocha an chuid ó bhéal den nós imeachta agus an chinnidh lena gcuirtear críoch leis na himeachtaí. Rinneadh na cásanna sin agus Cás T-283/20 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais i mír 1 de chuid oibríochtúil an bhreithiúnais atá faoi achomharc.

21 I míreanna 20 go 27 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt, go bunúsach, gur le seacht ngearán a bhain na saincheisteanna dlí agus argóintí arna n-ardú ag na cosantóirí ag an gcéad chéim, a chuaigh isteach ina chéile.

22 I mír 21 den bhreithiúnas sin, mar sin, d'aithin an Chúirt an chéad ghearán arna ardú leis an dara saincheist dlí, leis an gcéad chuid agus an cúigiú cuid den seachtú saincheist dlí agus leis an ochtú saincheist dlí de chuid CWS, Brillux agus Daw i gCásanna Uamtha T-279/20 agus T-288/20, argóintí arna n-agairt ag Billions Europe agus páirtithe eile ar thaobh a n-aighneachtaí idirghabhála sna cásanna sin agus sa chéad saincheist dlí de chuid Billions Europe agus páirtithe eile i gCás T-283/20. De réir na Cúirte, éilítear leis an ngearán sin gur cuireadh an t-aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid ó bhail trí earráidí fhollasacha measúnaithe agus nár comhlíonadh leo na critéir arna mbunú le Rialachán Uimh. 1272/2008 le haghaidh substaint a aicmiú mar charcanaigineach. I mír 49 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt go raibh dhá chuid sa chéad ghearán sin. Éilíodh leis an gcéad chuid go ndearnadh earráidí follasacha agus sárú ar na critéir sin agus scrúdú á dhéanamh ar inghlacthacht agus inchreidteacht staidéar Heinrich agus páirtithe eile (1995) ('staidéar Heinrich'), a bhí ina bhunús le tuairim CMR. Éilíodh leis an dara cuid go ndearnadh earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar na critéir arna mbunú le Rialachán Uimh. 1272/2008 maidir le substaint a aicmiú agus a lipéadú mar charcanaigineach, sa mhéid nár bhain an t-aicmiú agus an lipéadú sin le substaint de mhianach inchothaitheachta ailse.

23 I míreanna 50 go 122 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, scrúdaigh an Chúirt an chéad chuid sin. I mír 52 den bhreithiúnas sin, luaigh sí go háirithe, i dtaca leis sin, gur áitigh Billions Europe agus páirtithe eile, ina n-iarratas i gCás T-283/20 agus ina n-aighneachtaí idirghabhála i gCásanna Uamtha T-279/20 agus T-288/20, gur cuireadh tuairim CMR ó bhail trí earráid toisc gur ghlac an coiste sin, chun críocha an scrúdaithe ar inghlacthacht agus inchreidteacht staidéar Heinrich agus, go háirithe, leibhéil fharasbarr na scamhóige i gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ('farasbarr na scamhóige') sa staidéar sin, dlús 4.3 g/cm^3 cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam mar bhunús ina mheasúnú, de bhun an mhodha arna mholadh ag staidéir Morrow (1988 agus 1992) ('ríomh Morrow'), rud a thug ar CMR, de réir na gcosantóirí, a bhaint de chonclúid go mícheart go raibh dálaí inghlactha farasbarr na scamhóige ann agus an staidéar sin á dhéanamh.

24 I míreanna 78 agus 79 den bhreithiúnas sin, ar dtús, dhiúltaigh an Chúirt d'argóint an Choimisiúin nárbh é staidéar Heinrich is bunús amháin le tuairim CMR. Ar ndóigh, chinn an Chúirt go raibh an staidéar sin ina 'staidéar críochnaitheach [ba bhunús le] tuairim CMR agus leis an aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid mar sin'.

25 I míreanna 81 go 122 den bhreithiúnas sin, ansin, scrúdaigh an Chúirt an argóint de chuid Billions Europe agus páirtithe eile dá dtagraítear i mír 23 den bhreithiúnas seo.

26 Sa scrúdú sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 100 go 103 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go ndearna CMR earráid fhollasach mheasúnaithe, ar dá réir a chuir sí ó shochreidteacht an chonclúid ar a tháinig sí ós rud é nár chuir sí san áireamh tréithe na gcáithníní arna dtástáil i staidéar Heinrich, go háirithe go raibh siad tugtha don chruinniú agus dlús níos lú cruinnithe na gcáithníní, rud a fhágann gur mó toirt na gcruinnithe sin sna macrafagaigh ailbheolaigh. I míreanna 104 go 120 den bhreithiúnas sin, rialaigh an Chúirt, go bunúsach, nár cuireadh i gcoinne na conclúide sin trí na hargóintí de chuid an Choimisiúin nó ECHA.

27 Faoi dheireadh, thug an Chúirt Ghinearálta le tuiscint ón scrúdú sin, i mír 121 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur cuireadh a chonclúid ó shochreidteacht leis an earráid fhollasach mheasúnaithe arna déanamh ag an gcoiste sin, ar ghlac an Coimisiún chuige féin chun críocha ghlacadh an Rialacháin atá faoi chonspóid, ar dá réir arb inchreidte agus iomchuí a ndóthain torthaí an staidéir sin, de réir bhrí mhír 3.6.2.2.1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008 sa mhéid idir gur bun Rialachán atá faoi chonspóid agus maidir leis an aicmiú agus an lipéadú atá faoi chonspóid, le tuairim CMR, agus gur chinntitheach staidéar Heinrich don togra arna dhéanamh sa tuairim sin faoi aicmiú dé-ocsaíde tíotáiniam. Dá bhrí sin, i mír 122 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ghlac an Chúirt Ghinearálta leis an gcéad chuid den chéad ghearán.

28 Thairis sin, 'ar mhaithe le dea-riarachán an cheartais' agus 'chun réiteach iomlán a thabhairt ar an díospóid', scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta an dara cuid den chéad ghearán sin i míreanna 124 go 179 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

29 De bhun na saincheisteanna dlí sin, arna leagan amach, go háirithe, i míreanna 157, 158, 160 agus 161 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, rialaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 178 den bhreithiúnas sin, gur ghá glacadh leis an dara cuid sin.

30 Dá bhrí sin, ar an mbun nach raibh scrúdú le déanamh ar shaincheisteanna dlí agus argóintí eile de chuid na n-achomharcóirí ag an gcéad chéim, chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá faoi chonspóid ar ceal ó thaobh an aicmithe agus an lipéadaithe atá faoi chonspóid.

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

31 Le cinneadh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 19 Iúil 2023, rinneadh Cásanna C-71/23 P agus C-82/23 P a uamadh chun críocha an nós imeachta i scríbhinn agus ó bhéal agus chun críocha an bhreithiúnais.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe i gCás C-71/23 P

32 Trína hachomharc, iarrann Poblacht na Fraince ar an gCúirt Bhreithiúnais, agus Riocht na hÍsiltíre, Ríocht na Sualainne, an Coimisiún agus ECHA ar a taobh:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– breith a thabhairt aisti féin ar an díospóid agus diúltú do na caingne a thionscain na hachomharcóirí ag an gcéad chéim, nó, i gcás ina measann an Chúirt Bhreithiúnais nach gceadaíonn staid na n-imeachtaí go ndéanfar breith, iad a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, agus

– a ordú do na hachomharcóirí ag an gcéad chéim na costais a íoc.

33 Iarrann CWS, Brillux, DAW agus Sto SE & Co. KGaA, ar a dtugtaí Sto AG roimhe seo ('CWS agus páirtithe eile' le chéile') ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc agus

– a ordú do Phoblacht na Fraince na costais a íoc.

34 Iarrann Billions Europe agus páirtithe eile ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc ina iomláine toisc gur neamh-inghlactha agus gan bhunús é;

– mar mhalairt air sin, Cás T-283/20 a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ina iomláine, ina n-áirítear ionas go ndéanfadh sí scrúdú ar na hargóintí arna n-ardú ag na hachomharcóirí ag an gcéad chéim lena gcéad saincheist dlí, nár thug an Chúirt Ghinearálta rialú orthu sa bhreithiúnas atá faoi achomharc;

– a ordú do Phoblacht na Fraince costais na n-imeachtaí a íoc os comhair na Cúirte agus a costais féin a íoc ag an gcéad chéim, agus

– a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí ag an gcéad chéim a íoc.

35 Iarrann ECHA ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– breith a thabhairt aisti féin ar an díospóid agus diúltú do na caingne, nó, i gcás ina measann an Chúirt nach gceadaíonn staid na n-imeachtaí go ndéanfar breith, iad a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, agus

– a ordú do na hachomharcóirí ag an gcéad chéim na costais a íoc nó, i gcás ina dtarchuirfí an cás ar ais os comhair na Cúirte Ginearálta, na costais a fhorchoiméad a bhaineann leis na himeachtaí seo.

36 Iarrann an Chomhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán – European Chemical Industry Council (Cefic), an Chomhairle Eorpach um Thionscal na bPéinteanna, na nDúch Priontála agus na nDathanna Ealaíontóirí (CEPE), British Coatings Federation Ltd (BCF) agus American Coatings Association, Inc. (ACA) ('Cefic agus páirtithe eile' le chéile) ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine agus

– a ordú do Phoblacht na Fraince na costais arna dtabhú aici sna himeachtaí seo agus sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe i gCás C-82/23 P

37 Trína achomharc, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais, agus Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na Sualainne agus ECHA ar a thaobh:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– diúltú don dara saincheist dlí, don chéad chuid agus don chúigiú cuid den seachtú saincheist dlí agus don ochtú saincheist dlí i gCásanna Uamtha T-279/20 agus T-288/20 agus don chéad saincheist dlí i gCás T-283/20;

– an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ionas go ndéanfadh sí scrúdú ar na saincheisteanna dlí nár tugadh breith orthu go fóill;

– na costais a bhaineann leis na himeachtaí seo a fhorchoimeád.

38 Iarrann Billions Europe agus páirtithe eile ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc ina iomláine toisc gur neamh-inghlactha agus gan bhunús é;

– mar mhalairt air sin, Cás T-283/20 a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ina iomláine, ina n-áirítear ionas go ndéanfadh sí scrúdú ar na hargóintí arna n-ardú ag na hachomharcóirí ag an gcéad chéim lena gcéad saincheist dlí, nár thug an Chúirt Ghinearálta rialú orthu sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus

– a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na n-imeachtaí ag an gcéad chéim a íoc.

39 Iarrann CWS agus páirtithe eile ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc agus

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

40 Iarrann ECHA ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– diúltú don dara saincheist dlí, don chéad chuid agus don chúigiú cuid den seachtú saincheist dlí agus don ochtú saincheist dlí i gCásanna Uamtha T-279/20 agus T-288/20 agus don chéad saincheist dlí i gCás T-283/20;

– an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta ionas go ndéanfadh sí scrúdú ar na saincheisteanna dlí nár tugadh breith orthu go fóill agus

– na costais a bhaineann leis na himeachtaí seo a fhorchoimeád.

41 Iarrann Cefic agus páirtithe eile ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– diúltú don achomharc ina iomláine, agus

– a ordú don Choimisiún na costais arna dtabhú aici sna himeachtaí seo agus sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

An t-iarratas go gcuirfí atús leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta

42 I ndiaidh chur i láthair Thuairim an Abhcóide Ghinearálta, d'iarr Billions Europe agus páirtithe eile, trí dhoiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 14 Márta 2025, go gcuirfí atús leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta, de bhun Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

43 Mar thaca lena n-iarratas, áitíonn siad, ar dtús, nach bhfuil eolas a dhóthain ag an gCúirt le rialú a thabhairt ar na Cásanna Uamtha seo, toisc go bhfuil na conclúidí sin bunaithe ar thuiscintí earráideacha agus cásanna míchearta agus, anuas air sin, go bhfuil argóint nua sna conclúidí i mír 100 díobh maidir le sárú ag CMR ar a oibleagáid cúiseanna a lua, nár mhór don Chúirt a ardú as a stuaim féin, sula bpléifeadh na páirtithe an argóint sin.

44 De réir Airteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go gcuirfí atús leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise ann, nó i gcás ina bhfuil fíoras nua curtha isteach ag páirtí, tar éis dheireadh na coda sin den nós imeachta, ar fíoras é de chineál a d'fhéadfadh a bheith ina thoisc chinntitheach do bhreith na Cúirte, nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na daoine leasmhara.

45 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcéad saincheist dlí arna maíomh ag Billions Europe agus páirtithe eile mar thaca lena n-iarratas, ní mór a lua, i ndeireadh na dála, go bhféachtar le cur i gcumas do na páirtithe a n-argóintí a áitiú mar fhreagra ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta atá bunaithe, dar leo, ar chinntí atá mícheart ó thaobh na bhfíricí de agus lena gcuirfí an Chúirt amú.

46 Ní mór a thabhairt chun cuimhne nach féidir leis na páirtithe déanamh amhlaidh de réir Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Rialacha Nós Imeachta. De réir an dara fomhír d'Airteagal 252 CFAE, tá ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Níl an Tuairim sin ná na cúiseanna léi de cheangal ar an gCúirt. Dá bhrí sin, ní féidir údar a thabhairt le hatús a chur leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta de thoisc inti féin nach dtagann an páirtí leasmhar leis an Tuairim sin, gan beann ar na ceisteanna arna scrúdú ag an Abhcóide Ginearálta inti (féach, chuige sin, breithiúnas 8 Feabhra 2024, *Pilatus Bank* v *BCE*, C-750/21 P, EU:C:2024:124, míreanna 27 agus 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Mar sin féin, na ceisteanna ar mhian le Billions Europe agus páirtithe eile an deis a bheith acu argóintí sa bhreis a chur i láthair orthu, phléigh na páirtithe iad go mór sa chuid i scríbhinn den nós imeachta agus le linn éisteacht na bpléadálacha an 7 Samhain 2024.

48 Ar an dara dul síos, maidir le mír 100 dá Tuairim, ní mór a lua, ina leith sin, gur thug an tAbhcóide Ginearálta a barúil ar argóint arna hardú le linn na héisteachta ag na hachomharcóirí ag an gcéad chéim, ar dá réir nach raibh tuairim CMR soiléir ar dhóigheanna áirithe. Bíodh is gur shonraigh sí go bhféadfadh sí glacadh leis an argóint sin, níor iarr sí ar an gCúirt pléadáil a dhéanamh as a stuaim féin go ndearna CMR sárú ar a oibleagáid cúiseanna a shonrú, áfach, ach a mhalairt,

mheas sí nár mhór diúltú don argóint sin toisc go mbaineann sí leis na cúiseanna leis an tuairim sin agus nach raibh sí ina cúis le cinneadh, mar a chinn na páirtithe, nár chuir CMR san áireamh na gnéithe ábhartha uile.

49 In aon chás ar bith, measann an Chúirt, i ndiaidh éisteacht leis an Abhcóide Ginearálta, go bhfuil an méid ar fad is gá aici chun rialú a thabhairt ar na hachomhairc agus nach gá rialú a thabhairt ar na cásanna de bhun argóint nár phléigh na páirtithe.

50 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ní mór diúltú don iarratas go gcuirfí atús leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta.

Achomhairc

51 Mar thaca lena hachomharc i gCás C-71/23 P, maíonn Poblacht na Fraince ceithre shaincheist dlí. Baineann an chéad saincheist dlí leis na earráidí líomhainte a bhí ar mheasúnú na Cúirte Ginearálta, i mír 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir ar 'cinntitheach' staidéar Heinrich ba bhun é le tuairim CMR agus atá dhá chuid ann. Éilítear leis an gcéad chuid saobhadh na Cúirte Ginearálta ar an bhfianaise arna cur faoina bráid agus éilítear leis an dara cuid earráid dlí, a mhéid a líomhnaítear gur sáraíodh na prionsabail maidir le substaintí carcanaigineacha a aicmiú, a leagtar amach i Rialachán Uimh. 1272/2008. Éilítear leis an dara saincheist dlí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorannacha a athbhreithnithe bhreithiúnaigh, a mhéid, i míreanna 100 go 103 den bhreithiúnas sin, gur chuir sí a measúnú féin in ionad mheasúnú CMR maidir leis an dlús a shocrú i ríomh Morrow. Trína tríú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na Fraince mainneachtain cúiseanna a lua le cinneadh na Cúirte Ginearálta nach dual don dé-ocsaíd tíotáiniam gur féidir léi ailse a chur ar dhaoine, mar a leagtar amach i míreanna 157 agus 158 den bhreithiúnas sin. Trína ceathrú saincheist dlí, áitíonn sí go bhfuil earráid dlí ar an gcinneadh sin a mhéid go bhfuil sé bunaithe ar léiriú earráideach ar an gcoincheap 'substaint de mhianach inchothaitheachta ailse' de réir bhrí mhír 3.6.2.2.1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008.

52 Mar thaca lena achomharc i gCás C-82/23 P, maíonn an Coimisiún trí shaincheist dlí. Éilítear leis an gcéad saincheist dlí saobhadh na Cúirte Ginearálta ar an bhfianaise arna cur faoina bráid trí chinneadh go ndearna CMR agus an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe maidir le hinchreidteacht agus inghlacthacht staidéar Heinrich agus tá dhá chuid sa tsaincheist dlí sin. Baineann an chéad chuid leis an measúnú céanna ón gCúirt Ghinearálta a bhí i gceist leis an gcéad saincheist dlí de chuid Phoblacht na Fraince. Baineann an dara cuid leis an gcinneadh, arna leagan amach i mír 120 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gurbh 'chinntitheach' ríomh Morrow le treise a chur le measúnú CMR ó thaobh inchreidteacht augs inghlacthacht an staidéir sin. Baineann an dara saincheist dlí agus an tríú saincheist dlí, go bunúsach, leis na gearáin chéanna leis an dara saincheist dlí agus leis an gceathrú saincheist dlí, faoi seach, de chuid Phoblacht na Fraince.

53 Sa fhrithaighneacht i gCás C-71/23 P, maíonn ECHA, mar thaca leis an dara saincheist dlí arna hardú ag Poblacht na Fraince, dhá chuid sa bhreis, trína n-áitíonn an ghníomhaireacht sin, go bunúsach, go ndearna an Chúirt sa bhreis ar a bhfuil sí inniúil air leis an measúnú dá dtagraítear sa chéad chuid den chéad saincheist dlí den achomharc seo agus leis an measúnú lenar bhain an dara cuid den chéad saincheist dlí de chuid an Choimisiúin i gCás C-82/23 P. Thairis sin, sa fhrithaighneacht sin, maíonn ECHA saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorannacha a athbhreithnithe bhreithiúnaigh le rialú a thabhairt ar na cúiseanna

leis na siadaí a breathnaíodh orthu i staidéar Heinrich. Ina fhrithaighneacht mar fhreagra ar Chás C-82/23 P, maíonn ECHA, go bunúsach, an dá chuid sin sa bhreis agus an tsaincheist dlí nua sin chomh maith.

Inghlacthacht na saincheisteanna dlí agus na gcodanna de na saincheisteanna dlí arna maíomh, astu féin, ag ECHA sa dá chás uamtha

Argóintí na bpáirtithe

54 Áitíonn ECHA, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, gur féidir leis na páirtithe eile sna hachomhairc pointí dlí nua a ardú ina bhfrithaighneachtaí.

55 Ina bhfreagraí, áitíonn CWS agus páirtithe eile gur neamh-inghlactha frithaighneacht ECHA, a mhéid a bhfuil saincheisteanna dlí agus argóintí sa bhreis inti, a mhaígh an ghníomhaireacht sin astu féin, toisc nach bhféachtar tríothu, mar a cheanglaítear in Airteagal 174 de na Rialacha Nós Imeachta, le seasamh nó le diúltú do na hachomhairc agus nach féidir iad a chur i láthair ach le crosachomharc, i gcomhréir le hAirteagail 176 agus 178 den Rialachán sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

56 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir Airteagal 174 de na Rialacha Nós Imeachta, go bhféachtar trí na haighneachtaí sa fhreagra le seasamh leis nó le diúltú don achomharc, ina iomláine nó go páirteach. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagail 172 agus 176 den Rialachán sin, d'fhéadfadh na páirtithe arna n-údarú le freagra a thaisceadh, trí dhoiciméad ar leith, is éagsúil leis an bhfreagra, crosachomharc a dhéanamh nach mór féachaint tríd, i gcomhréir le hAirteagal 178(1) agus an dara habairt d'Airteagal 178(3) den Rialachán sin, le cinneadh na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní ina iomláine nó go páirteach de bhun saincheisteanna agus argóintí dlí is éagsúil leo siúd arna maíomh sa fhreagra.

57 Fágann na forálacha sin, arna léamh le chéile, nach bhféadfaí féachaint tríd an bhfreagra le cinneadh ón gCúirt Ghinearálta a chur ar neamhní ar chúiseanna atá éagsúil agus neamhspleách leis na cúiseanna arna maíomh san achomharc, ós rud é nach féidir na cúiseanna sin a ardú ach i gcrosachomharc amháin (breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2020, *Vereniging tot Behoud van Natuurmonumenten in Nederland agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-817/18 P, EU:C:2020:637, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Sa chás seo, ní mór a chinneadh, mar is follasach ó fhreagra ECHA, go bhféachtar tríd an dá chuid sa bhreis den dara saincheist dlí agus an tsaincheist dlí nua arna maíomh ag an ngníomhaireacht sin sna freagraí sin, dá dtagraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo, le neamhniú an bhreithiúnais atá faoi achomharc ar chúiseanna atá éagsúil agus neamhspleách leis na cúiseanna arna maíomh sa dá achomharc agus nach bhféadfadh an Chúirt scrúdú a dhéanamh orthu mar sin ach trí chrosachomharc féideartha.

59 Ní fhéadfaí an cinneadh a thabhairt faoi cheist trí bhreithiúnas an 11 Feabhra 1999, *Antillean Rice Mills agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, (C-390/95 P, EU:C:1999:66, míreanna 20 go 23), arna maíomh ag ECHA ina fhreagra, ós rud é, ina breithiúnas, gur bhraith an Chúirt ar sheanleagan de na Rialacha Nós Imeachta, ina raibh forálacha trína gceadaítear do na páirtithe sna himeachtaí os

comhair na Cúirte Ginearálta freagra a thaisceadh ina bhfuil saincheisteanna dlí nár ardaíodh leis an achomharc ach, os a choinne sin, nár foráladh don chead ag na páirtithe sin crosachomharc a thaisceadh.

60 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach mór diultú don dá chuid sa bhreis sin agus don tsaincheist dlí nua toisc gur neamh-inghlactha iad.

Na chéad saincheisteanna dlí den dá achomharc, lena n-éilítear saobhadh na fianaise agus earráid dlí, sa mhéid gur 'cinntitheach' leis an gCúirt Ghinearálta staidéar Heinrich agus ríomh Morrow do thuairim CMR

Na chéad saincheisteanna dlí den dá achomharc, lena n-éilítear saobhadh na fianaise, sa mhéid gur mheas an Chúirt Ghinearálta go bhfuil staidéar Heinrich agus ríomh Morrow 'cinntitheacha' do thuairim CMR

– *Argóintí na bpáirtithe*

61 Áitíonn Poblacht na Fraince, agus ECHA ar a taobh, gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta le héigeart gurbh é staidéar Heinrich an t-aon staidéar ba bhun le tuairim CMR.

62 I dtaca leis sin, measann sí, trí 'staidéar cinntitheach' a thabhairt síos do staidéar Heinrich i mír 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta nár bhun le tuairim CMR ach an staidéar sin. I dtaca leis sin, braitheann sí ar mhír 67 den bhreithiúnas sin, inar shonraigh an Chúirt Ghinearálta nár mhór scrúdú a dhéanamh an raibh nó nach raibh staidéar Heinrich cinntitheach, as féin, don aicmiú agus lipéadú atá faoi chonspóid, agus 'murab amhlaidh an cás, ba cheart diúltú d'argóintí na [n-achomharcóirí ag an gcéad chéim] trína bhféachtar le hinchreidteacht agus inghlacthacht an staidéir, toisc iad a bheith ó fheidhm'.

63 I míreanna 74, 76 agus 77 den bhreithiúnas sin, áfach, chinn an Chúirt Ghinearálta í féin, ar an gcéad dul síos, gurbh 'eochairstaidéir', de réir CMR, iad staidéar Lee agus páirtithe eile (1985) ('staidéar Lee') agus staidéar Heinrich a bhaineann le carcanaigineacht trí ionanálú, ar an dara dul síos, idir an dá staidéar sin, gur bhraith an coiste sin, 'go bunúsach', ar staidéar Heinrich lena togra maidir le dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú, nach raibh staidéar Lee 'cinntitheach nó leordhóthanach ann féin' chun bunús a thabhairt leis an togra sin agus, ar an tríú dul síos, 'sa bhreis ar an dá eochairstaidéar sin, gur [luadh] i dtuairim CMR eile, nach [ndearnadh] amhlaidh ach chun treise nó breis a chur le torthaí staidéar Heinrich'. Dá bhrí sin, fágann an méid seo nárbh é staidéar Heinrich an t-aon 'eochairstaidéar' a bhraith CMR air agus go gcuirfí le measúnú eolaíochta an choiste sin trí staidéir eile, fiú dá gcuirfeadh an coiste sin iad san áireamh sa bhreis air amháin. Dá bhrí sin, agus í den tuairim gur 'staidéar cinntitheach' do thuairim CMR staidéar Heinrich, rinne an Chúirt Ghinearálta measúnú a bhí earráideach go follasach ar an bhfianaise arna cur faoina bráid agus bhain sí míbhrí aisti mar sin.

64 Óna thaobhsa de, líomhnaíonn an Coimisiún, agus Ríocht na Sualainne ar a thaobh, go gcuirtear ón measúnú sin ó bhail trí shaobhadh na fianaise, trína áitiú, le bheith níos cruinne faoi, gur follasach ó thuairim CMR gur mheas an coiste sin tromachar na sonraí agus gur bhraith sí ar an bhfianaise ar fad a cinneadh gurb ábhartha í chun measúnú a dhéanamh ar na guaiseanna a

bhaineann le dé-ocsaíd tíotáiniam gan aon tábhacht ‘chinntitheach’ a thabhairt síos do staidéar Heinrich, i gcomhréir le míreanna 1.1.1.3 agus 3.6.2.1 d’Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008.

65 Líomhnaíonn CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile gurb é a fhéachtar leis, i ndáiríre, trí na hargóintí de chuid Phoblacht na Fraince agus an Choimisiúin ná go ndéanfadh an Chúirt athscrúdú ar an bhfianaise agus gur neamh-inghlactha iad mar sin. Thairis sin, cuireann na páirtithe sin i gcoinne fhiúntas na n-argóintí sin.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

66 De réir cásdlí socair, i gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 256(1) CFAE agus leis an gcéad mhír d’Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach mbaineann achomharc ach le ceisteanna dlí. Dá bhrí sin, ní hinniúil ach an Chúirt Ghinearálta ar chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar na fíorais ábhartha agus an fhianaise arna gcur faoina bráid. Mar sin, níl an measúnú ar na fíorais sin agus ar an bhfianaise sin ina cheist dlí atá faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais trí achomharc ann féin, ach i gcás ina ndéantar iad a shaobhadh (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2020, *Deza* v *an Coimisiún*, C-813/18 P, EU:C:2020:832, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Tá saobhadh den sórt sin ann i gcás ina ndealraítear gurb earráideach go follasach measúnú ar an bhfianaise atá ann, gan dul i muinín fianaise nua. Mar sin féin, caithfidh gur soiléir ó dhoiciméad an cháschomhaid go bhfuil saobhadh den sórt sin ann, gan aon ghá a bheith ann le hathmheasúnú a dhéanamh ar na fíorais agus ar an bhfianaise. Thairis sin, i gcás ina líomhnaíonn an t-achomharcóir saobhadh na Cúirte Ginearálta ar an bhfianaise, ní mór dó an fhianaise a líomhnaítear a dhéantar a shaobhadh a shonrú go beacht agus na earráidí anailíse a léiriú lenar tugadh ar an gCúirt Ghinearálta saobhadh den sórt sin a dhéanamh ina measúnú (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2020, *Deza* v *an Coimisiún*, C-813/18 P, EU:C:2020:832, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Sa chás seo, ó thaobh inghlacthacht na gcodanna sin, atá faoi chonspóid ag CWS agus páirtithe eile mar aon le Billions Europe agus páirtithe eile, ní mór a thabhairt chun cuimhne go n-áitíonn na hachomharcóirí, i bhfianaise na gcodanna de thuairim CMR dá dtagraíonn an Chúirt Ghinearálta féin, gurb earráideach go follasach cinneadh na Cúirte Ginearálta gurb é staidéar Heinrich an ‘staidéar cinntitheach’ is bun leis an togra maidir le dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú agus go mbaintear míbhrí as na codanna sin de leis an gcinneadh sin. Mar sin, ní fhéachtar trí na hargóintí sin le hathmheasúnú a dhéanamh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar thuairim CMR ach le fíorú aici an amhlaidh nach bhfuil an chonclúid a bhain an Chúirt as na cinntí a rinne sí ó thaobh na bhfíoras de ar neamhréir go follasach leis na cinntí sin, rud a bhfuil sí inniúil air. Thairis sin, is amhlaidh go dtagraíonn na hachomharcóirí do na codanna den tuairim sin a saobhadh, dar leo, agus ina leagtar amach go leordhóthanach na earráidí anailíse arna ndéanamh go líomhainte ag an gCúirt Ghinearálta. Mar sin, is inghlactha a n-argóintí.

69 Ó thaobh, áfach, ar an gcéad dul síos, argóintí Phoblacht na Fraince, ní mór, ar dtús, a chinneadh gur bun leo léamh earráideach ar mhír 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ar dá réir, trí ‘staidéar cinntitheach’ a thabhairt síos do staidéar Heinrich i mír 78 sin, gur mhian leis an gCúirt Ghinearálta a chruthú gur bhun an staidéir sin amháin le tuairim CMR.

70 Go deimhin, mar is léir go follasach ó mhír 78 sin ina hiomláine agus ó mhíreanna 67 go 77 den bhreithiúnas sin, arb í mír 78 is conclúid leis, an tuiscint atá le baint as ‘cinntitheacht’ a thabhairt síos do staidéar Heinrich ná gur chinniúnach an staidéar sin leis an gCúirt Ghinearálta, ann féin, don togra maidir le dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú ag CMR, ó tharla nach raibh ról sa bhreis i dtaca leis sin ag na staidéir agus fianaise eolaíochta eile arna gcur san áireamh ag an gcoiste sin, lena n-áirítear staidéar Lee, ós rud é nár leor iad iontu féin leis an gcoiste sin le bunús a thabhairt leis an togra sin.

71 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d’argóintí Phoblacht na Fraince toisc iad a bheith gan bhunús.

72 Ó thaobh, ar an dara dul síos, argóintí an Choimisiúin, ní mór a lua, ar dtús, murab ionann agus is cosúil go bhfuil á chinneadh aige, nach bhfuil sé ar neamhréir le cinneadh na Cúirte Ginearálta gur ‘chinntitheach’ staidéar Heinrich chun críocha aicmiú na substainte sin gur mheas CMR tromachar na sonraí agus gur bhraith sé ar an bhfaisnéis ar fad a rialaíodh gurb ábhartha iad le measúnú a dhéanamh ar na guaiseanna a bhaineann le dé-ocsaíd tíotáiniam ann féin.

73 I dtaca leis sin, de réir mhír 1.1.1.3 d’Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008, ‘[c]iallaíonn cinneadh atá bunaithe ar thromachar na fianaise go ndéanfar an fhaisnéis go léir a mbeadh tionchar aici ar chinneadh faoi ghuais a mheas le chéile’. Sa chomhthéacs sin, ‘[c]uirfear torthaí deimhneacha agus diúltacha le chéile in aon chinneadh amháin a bheidh bunaithe ar thromachar na fianaise’. Thairis sin, i gcomhréir le forálacha mhír 3.6.2.1 d’Iarscríbhinn I sin, sonraítear i dTábla 3.6.1 den Rialachán sin nach mór torthaí staidéir ar dhaoine agus/nó ar ainmhithe a bheith mar bhunús le substaint a chur in Aicme 2, is é sin in aicme na substaintí a bhfuiltear san amhras gur carcanaigineach iad le haghaidh daoine, nach bhfuil áititheach a ndóthain leis an tsubstaint a chur in aicme 1A nó 1B, is é sin go bhfuil sé cruthaithe nó toimhdithe gur carcanaigineach í, agus nach mór tromachar na fianaise i measc eile a chur san áireamh. Faoi dheireadh, de réir mhír 3.6.2.2.1 d’Iarscríbhinn I sin, ní mór sonraí arna bhfáil trí staidéir inchreidte inghlactha a bheith mar bhunús le substaint charcanaigineach a aicmiú, ina n-áirítear in Aicme 2.

74 Tugtar le tuiscint uaidh sin, agus a leithéid de mheasúnú á dhéanamh, agus go háirithe agus measúnú á dhéanamh ar chineál ‘inchreidte inghlactha’ na staidéar arna gcur san áireamh agus ‘tromachar’ na sonraí a thagann as na staidéir sin, gur dócha go gcuirfeadh CMR teannadh níos mó le cuid de na sonraí sin ná le sonraí eile ar mhaithe le cinneadh an bhfuil nó nach gá substaint a aicmiú nó a lipéadú go comhchuibhithe mar charcanaigineach do dhaoine.

75 Anuas air sin, ní áitíonn an Coimisiún gur saobhadh na fíorais leis na cinntí arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 70 go 77 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar an mbun gur chinntigh an Chúirt Ghinearálta gur ‘cinntitheach’ staidéar Heinrich do chonclúidí thuairim CMR.

76 Mar sin, ar an gcéad dul síos, de réir na gcinntí arna ndéanamh i mír 70 den bhreithiúnas seo, bhí CMR den tuairim go raibh staidéir Lee agus Heinrich, ba tríothu amháin a léiríodh forbairt siada i ndiaidh daoine a fhágáil gan cosaint ar dhé-ocsaíd tíotáiniam, ina ‘n-eochairstaidéir ar charcanaigineacht trí ionanálú’ dar le CMR.

77 Ar an dara dul síos, de réir na hanailíse arna déanamh ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 74 agus 75 den bhreithiúnas sin, is léir ó staidéar Lee a chur i gcomparáid le staidéar Heinrich ag an gcoiste sin nár cheart ‘tionchar cinntitheach’ a imirt trí staidéar Lee ar aicmiú dé-ocsaíde tíotáiniam, ós rud é go raibh na suibiachtaí gan chosaint go hiomarcach sa staidéar sin, bíodh is nárbh amhlaidh

an cás le staidéar Heinrich, '[b'inchreidte], ábhartha agus iomchuí a dóthain [torthaí staidéar Heinrich] le measúnú a dhéanamh ar charcanaigineacht fhéideartha [dé-ocsaíde tíotáiniam]'. Dá bhrí sin, mar is léir ó mhír 76 den bhreithiúnas sin, ar an dá staidéar b'eochairstaidéir iad ar charcanaigineacht trí ionanálú, dar leis an gcoiste, mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh tosaíocht ag staidéar Heinrich ar staidéar Lee, ó tharla nár chinntitheach nó leordhóthanach staidéar Lee ann féin le treise a chur le dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú.

78 Ar an tríú dul síos, cé gur chuir CMR san áireamh, i gcomhréir le modh measta an tromachair, ní hamháin staidéir ar thoscaineacht trí ionanálú ag francaigh, ach, mar a shonraigh an Coimisiún trí thagairt a dhéanamh do na páirtithe féin lena mbaineann tuairim CMR, staidéir agus fianaise eile atá ar fáil, ní mhaíonn an Chúirt Ghinearálta nár chuir an coiste sin an méid sin ar fad san áireamh. Os a choinne sin, sonraíonn sí, i mír 77 dá breithiúnas, go luaitear i dtuairim CMR staidéir eile, ach 'chun treise nó breis a chur le torthaí staidéar Heinrich' amháin.

79 Ní mór a chinneadh, trína thabhairt le tuiscint ón anailís sin ar fad ar thuairim CMR gur 'chinntitheach' staidéar Heinrich chun críocha na tuairime sin agus, ar deireadh thiar, aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe dé-ocsaíde tíotáiniam, mar atá i gcomhréir leis an tuairim sin, níor dhearna an Chúirt Ghinearálta an tuairim sin a shaobhadh.

80 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach féidir diúltú d'argóintí an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, do na chéad chodanna de na chéad saincheisteanna dlí ina n-iomláine toisc iad a bheith gan bhunús.

An dara cuid den chéad saincheist dlí i gCás C-71/23 P, lena n-éilítear earráid dlí, sa mhéid gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na prionsabail maidir le substaintí carcanaigineacha a aicmiú, a leagtar amach i Rialachán Uimh. 1272/2008

– *Argóintí na bpáirtithe*

81 Áitíonn Poblacht na Fraince, agus Ríocht na Sualainne agus ECHR ar a taobh, trí 'chinntitheacht' a thabhairt síos do staidéar Heinrich, gur thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird, mar sin, ar gach sonra eile ar ghlac CMR leo agus, dá bhrí sin, gur sháraigh sí na prionsabail arna leagan amach i míreanna 1.1.1.3 agus 3.6.2.1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán 1272/2008 maidir le tromachar na sonraí a mheas. Go deimhin, bíodh is féidir teannadh níos mó a bheith ag sonraí áirithe ná sonraí eile agus an tromachar sin á mheas, fágann na forálacha sin gurb é léamh orthu le chéile is féidir a bheith ina bhunús le measúnú eolaíochta. Mar sin féin, ní raibh sna téacsanna is infheidhme ná sa chásdlí an coincheap 'staidéar cinntitheach' ar mhaithe le tabhairt síos do staidéar arna úsáid i measúnú eolaíochta atá bunaithe ar thromachar sonraí a mheas.

82 Cuireann CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile i gcoinne fhiúntas na n-argóintí sin.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

83 Ní mór a lua, ar dtús, mar is léir o mhíreanna 72 go 74 den bhreithiúnas seo agus, ina theannta sin, mar a ghlacann Poblacht na Fraince féin leis, nach gcuirtear cosc, trí na prionsabail maidir le tromachar na fianaise a mheas arna leagan amach in Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008, ar CMR teannadh níos mó a chur le cuid de na sonraí sin ná sonraí eile ar mhaithe le cinneadh an gá nó nach gá substaint a aicmiú agus a lipéadú go comhchuibhithe mar charcanaigineach do dhaoine.

84 Anuas air sin, is léir ó mhír 70 den bhreithiúnas seo, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag Poblacht na Fraince, trí 'staidéar cinntitheach' a thabhairt síos do staidéar Heinrich, nár thug an Chúirt Ghinearálta 'neamhaird' ar gach sonra eile ar ghlac CMR leis mar sin.

85 Dá bhrí sin, ní féidir ach diúltú don dara cuid den chéad saincheist dlí i gCás C-71/23 P toisc í a bheith gan bhunús.

An dara cuid den chéad saincheist dlí i gCás C-82/23 P, lena n-éilítear saobhadh na fianaise, toisc gur chinn an Chúirt Ghinearálta gur 'chinntitheach' ríomh Morrow le treise a chur le measúnú CMR ó thaobh inchreidteacht agus inghlacthacht staidéar Heinrich

– *Argóintí na bpáirtithe*

86 Áitíonn an Coimisiún, agus Ríocht na Sualainne ar a thaobh, gur follasach ó thuairim CMR, murab ionann agus cinneadh na Cúirte Ginearálta i mír 120 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár 'chinntitheach' ríomh Morrow chun treise a chur le measúnú an choiste sin maidir leis an leibhéal inghlactha farasbairr scamhóige ar glacadh leis i staidéar Heinrich agus le hinchreidteacht agus inghlacthacht an staidéir sin mar sin.

87 I dtaca leis sin, líomhnaíonn an institiúid sin, ar thaobh amháin, gur úsáid CMR focail 'fhaichilleacha' le cur síos ar úsáid an ríofa sin, ag sonrú gur 'féidir cur le plé cuiditheach ar an téarma "farasbarr"', fiú 'nach féidir leis a bheith ina choincheap glacadh go hiondúil leis'. Ar an taobh eile, b'fhollasach ó thuairim CMR gur thug an coiste sin nithe eile mar bhunús lena mheasúnú ar an leibhéal inghlactha farasbarr scamhóige, ar nós na leathré díchurtha ó scamhóige, atá ag tarraingt ar thréimshe thart ar bhliain amháin mar a mholtar sa threoirleabhar ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), leibhéal infhulaingthe 10 mg/m^3 atá 'íseal go leor', mheán-trastomhais aeraidinimiciúil (MTA) na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam, is beag nach ionann é agus raon na luachanna a mholtar i mír 3.1.2.3.2 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008 agus deimhniú seachtrach staidéar Heinrich de réir staidéar eolaíochta eile. Níor 'chinntitheach' ann féin aon ní arna roghnú ag CMR, áfach. Faoi dheireadh, bhí sé de mhícheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, i mír 112 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go 'mbréagnófaí', trí thuairim CMR, argóintí an Choimisiúin agus ECHA ina maítear gur bhraith CMR ar na nithe sin.

88 Áitíonn CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile gur neamh-inghlactha an chuid sin, toisc go bhféachtar tríthi le hathscrúdú a dhéanamh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an bhfianaise. Thairis sin, cuireann siad i gcoinne fhiúntas na n-argóintí ar thaobh na coda sin.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

89 Maidir le hinghlacthacht na coda seo, ní mór a lua go bhféachann an Coimisiún trína argóintí ar a taobh le léiriú go mbréagnaítear go follasach trí fhocail féin thuairim CMR measúnú na Cúirte Ginearálta ar dá réir gur 'chinntitheach' ríomh Morrow le treise a chur leis na conclúidí sa tuairim sin go raibh an farasbarr scamhóige arna thomhas i staidéar Heinrich sa raon inghlactha, ar tuairim í is léir uaithi go raibh nithe eile ann a bhí ina mbunús leis na conclúidí sin agus nár 'chinntitheach' aon rud a glacadh leis sa tuairim sin. Tugtar le tuiscint uaidh sin, murab ionann agus a bhfuill á áitiú ag CWS agus páirtithe eile mar aon le Billions Europe agus páirtithe eile, go

bhféachtar trí na hargóintí sin ní amháin le hathmheasúnú a dhéanamh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar thuairim CMR ach le cinneadh uaithi go ndearna an Chúirt Ghinearálta tuairim CMR a shaobhadh. Is inghlachta í mar sin.

90 Ó thaobh na substainte de, rialaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 112 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go mbréagnaítear trí thuairim CMR argóintí an Choimisiúin agus ECHA ‘ar dá réir nach ndearna CMR an measúnú ar staidéar Heinrich de bhun [ríomh Morrow] amháin, ná nach raibh sé i ngeall air’ agus leag sí amach na húdair leis an tuairim sin i míreanna 113 go 119 den bhreithiúnas sin.

91 Go sonrach, i mír 113 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta gur thug CMR an-chuid gnéithe is ábhartha do na dálaí infhulaingtheachta a glacadh leo i staidéir Lee agus Heinrich, ar nós na leathré díchurtha ó scamhóige agus an leibhéil infhulaingthe, a mheastar i bhfianaise na dáileoige agus thiúchan na substainte, agus chinn sí, sa chuid den tuairim dar teideal ‘Conclúid Ghinearálta’, ar thaobh amháin, gur cuireadh torthaí staidéar Lee ó bhailíocht trí na dálaí iomarcacha infhulaingthe sa staidéar sin agus, ar an taobh eile, gurbh inchreidte ábhartha iomchuí a ndóthain thorthaí staidéar Heinrich le measúnú a dhéanamh ar charcanaigineacht fhéideartha dé-ocsaíde tíotáiniam. Thairis sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, go háirithe, maidir le staidéar Lee, gur luaigh CMR leathré iomarcach díchurtha ó scamhóige nuair a bhí uasleibhéal infhulaingtheachta 250 mg/m^3 ann agus, maidir le staidéar Heinrich, leibhéal sách íosta infhulaingtheachta 10 mg/m^3.

92 I mír 114 den bhreithiúnas sin, thug an Chúirt Ghinearálta le fios, áfach, sa chonclúid ghinearálta, gur thug CMR chun cuimhne chomh maith nach raibh an farasbarr scamhóige arna thomhas sa raon inghlactha, ó tháinig sé sa bhealach beagnach go hiomlán ar na meicníochtaí díchurtha cáithníní, bíodh nárbh amhlaidh an cás sin do staidéar Heinrich, ina raibh an farasbarr scamhóige sa raon inghlactha. I mír 115 den bhreithiúnas sin, áfach, thug an Chúirt Ghinearálta chun cuimhne gur bhun ríomh Morrow ag an gcoiste sin leis na conclúidí a bhaint an inghlactha an farasbarr scamhóige arna thomhas i staidéir Lee agus Heinrich. I mír 116 den bhreithiúnas sin, thug sí le tuiscint nár bhun iad an leathré díchurtha ó scamhóige, an dáileog agus tiúchan na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ag CMR le conclúidí a bhaint maidir leis an leibhéal farasbairr scamhóige arna thomhas i staidéar Heinrich agus maidir le hinghlacthacht thorthaí an staidéir sin dá bhrí sin.

93 Is léir ó na codanna de thuairim CMR dá dtagraíonn an Coimisiún, agus staidéir Lee agus Heinrich á gcur i gcomparáid le chéile, atá ina ‘n-eochairstaidéir’ ar charcanaigineacht le haghaidh dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú de réir na tuairime sin, gur fhéach an coiste sin le measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht an leibhéil farasbairr scamhóige francach sa dá staidéar de bhun ríomh Morrow. Mar sin, d’ainneoin gur úsáid an coiste focail aireacha, mar a áitíonn an Coimisiún, as a dtuigfí go bhfuil in úsáid an ríofa sin mianach na díospóireachta, is fíor fós, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, nár bhain sí de chonclúid ach de bhun an ríofa sin go raibh an leibhéal farasbairr scamhóige sa raon inghlactha ó thaobh staidéar Heinrich, ach nárbh amhlaidh a bhí ó thaobh staidéar Lee.

94 Is deimhin, de réir an chuid ‘Conclúid Ghinearálta’ den tuairim sin, a luaitear i míreanna 113 agus 114 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár bhraith CMR ar na torthaí arna mbaint amach aici amháin, trí ríomh Morrow, ó thaobh an leibhéil farasbairr scamhóige is inghlactha, le cinneadh, idir gurb iomarcach dálaí infhulaingtheachta staidéar Lee agus gur cuireadh torthaí an staidéir sin ó bhailíocht chun críocha dé-ocsaíd tíotáiniam a aicmiú mar shubstaint carcanaigineach agus

go raibh staidéar Heinrich inchreidte, ábhartha agus i gcomhréir le staidéar Gebel agus páirtithe eile (2012) maidir le carcanaigineacht substaintí eile trí ionanálú i bhfrancaigh, ar substaintí iad ar a dtugtar 'cáithníní de laghad intuaslagthachta agus tocsaineachta'.

95 Is léir ón gcuid sin de thuairim CMR, áfach, go raibh ról cinntitheach ag an measúnú ar an leibhéal inghlactha farasbairr scamhóige de bhun ríomh Morrow le cinneadh gur inchreidte inghlactha staidéar Heinrich, rud a fhágann, trí 'chinntitheacht' a chur síos don ríomh sin i mír 120 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid le treise a chur le conclúidí CMR i dtaca leis sin, go ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú ar an bhfianaise a bhí earráideach go follasach.

96 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach féidir ach diúltú don dara cuid den chéad saincheist dlí i gCás C-82/23 P toisc í a bheith gan bhunús.

97 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ní mór diúltú do na chéad saincheisteanna dlí den dá achomharc toisc iad a bheith gan bhunús.

Na dara saincheisteanna dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorannacha a athbhreithnithe bhreithiúnaigh, a mhéid go líomhnaítear gur chuir sí a measúnú féin in ionad mheasúnú CMR maidir le dlús na gcáithníní a shocrú i ríomh Morrow

Argóintí na bpáirtithe

98 Leis na dara saincheisteanna dlí dá cuid, maíonn Poblacht na Fraince agus an Coimisiún, i míreanna 100, 102 agus 103 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína measúnú féin a chur in ionad mheasúnú CMR agus mheasúnú an Choimisiúin, agus trí theorannacha a athbhreithnithe bhreithiúnaigh a shárú mar sin.

99 Go bunúsach, de réir na n-achomharcóirí, trína chinneadh, chun críocha ríomh Morrow a chur i bhfeidhm, nár mhór do CMR glacadh le dlús cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam níos lú ná dlús 4.3g/cm^3 arna úsáid aici, agus, chun críocha an ríofa sin, go raibh uirthi glacadh le dlús cruinnithe nanaiméadracha cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ina ionad sin, go raibh an Chúirt Ghinearálta ag cúngú ar chumhacht lánroghnach CMR agus an Choimisiúin.

100 Ar thaobh na saincheisteanna dlí sin, áitíonn siad, ar an gcéad dul síos, murab ionann agus cinneadh na Cúirte Ginearálta i mír 100 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur scrúdaigh CMR a bhfuil riachtanach do dhlús na gcáithníní a shocrú, go háirithe go raibh sé de nós ag na cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam cruinniú de dheasca a méid nanaiméadraí.

101 Ar an dara dul síos, líomhnaíonn siad, ó thaobh a saineolais eolaíochta de, go raibh údar maith ag CMR lena chinneadh gurb iomchuí glacadh le luach 'caighdeánach' dhlús cháithníní 4.3 g/cm^3.

102 Mar sin, de réir Phoblacht na Fraince, d'fhéadfadh CMR balcadh na gcáithníní sna scamhóga a chur san áireamh. Ina theannta sin, ní fhéadfaí a thoimhdiú go raibh na cruinnithe cáithníní de dhlús 1.6 g/cm^3. Óna thaobh de, dearbhaíonn an Coimisiún nár sonraíodh i staidéar Heinrich dlús, méid, cruinniú agus balcadh na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam arna dtástáil.

103 Ar an tríú dul síos, maíonn na hachomharcóirí, trína chinneadh go ndearnadh earráid fhollasach mheasúnaithe toisc, mar is léir go háirithe ó mhíreanna 100 agus 102 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár ghlac CMR le luach dlúis caithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ach le luach dhlús chruinnithe na gcáithníní sin, gur ghlac an Chúirt Ghinearálta seasamh ar na conclúidí eolaíochtaí arna mbaint amach ag CMR de bhun a raibh aici, ar seasamh é nach raibh sé inniúil ar a ghlacadh.

104 Ar thaobh na dara saincheisteanna dlí, cuireann Ríocht na Sualainne agus ECHA i dtreis gur ceist eolaíochta atá casta go mór mór, nach bhfuil an Chúirt Ghinearálta inniúil uirthi, í an cheist maidir le cruinniú cáithníní, go háirithe sa timpeallacht scamhóige.

105 Cuireann CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile i gcoinne fhiúntais argóintí na n-achomharcóirí agus na n-argóintí de chuid Ríocht na Sualainne agus ECHA.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

106 De réir cásdlí socair, a mhéid a bhfuil lánrogha leathan ag údaráis an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le measúnú ar fhíorais eolaíochta agus theicniúla an-chasta d'fhonn cineál agus raon feidhme na mbeart a ghlacann siad a chinneadh chuige sin, ní mór athbhreithniú Chúirteanna an Aontais Eorpaigh a bheith teoranta do scrúdú lena bhfáil amach an bhfuil feidhmiú lánrogha den sórt sin curtha ó bhail trí earráid fhollasach nó trí mhí-úsáid cumhachtaí nó an follasach gur sháraigh na húdaráis sin teorainneacha a lánrogha féin. I gcomhthéacs mar sin, is deimhin nach bhféadfadh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh a measúnú féin ar fhíorais eolaíochta agus theicniúla a chur in ionad mheasúnú na n-institiúidí a cuireadh an cúram sin orthu amháin le CFAE (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Iúil 2011, *Nickel Institute*, C-14/10, EU:C:2011:503, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 9 Samhain 2023, *Chemours Netherlands* v *ECHA*, C-293/22 P, EU:C:2023:847, mír 134 agus an cásdlí dá dtagraítear).

107 Le bheith níos cruinne faoi, chinn an Chúirt sa chomhthéacs sin nach mbaineann cumhacht mhór lánroghnach údaráis an Aontais, a bhfuil a feidhmiú faoi réir athbhreithniú breithiúnach teoranta, le cineál agus raon feidhme na bhforálacha le glacadh amháin ach, go pointe áirithe, le socrú na sonraí bunúsacha chomh maith. Ceanglaítear trína leithéid d'athbhreithniú breithiúnach, áfach, fiú má tá raon feidhme teoranta aige, gur féidir le húdaráis an Aontais, is údair an ghnímh i gceist iad, a chruthú os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh gur glacadh an gníomh trína cumhacht lánroghnach a fheidhmiú go héifeachtach, ar dá réir nach mór gach gné agus imthoisc is ábhartha don chás a raibh baint le bheith ag an ngníomh sin leis (breithiúnas an 9 Samhain 2023, *Chemours Netherlands* v *ECHA*, C-293/22 P, EU:C:2023:847, mír 135 agus an cásdlí dá dtagraítear).

108 Sa chás seo, de réir an cháschomhaid arna thaisceadh don Chúirt Bhreithiúnais, mhaígh Billions Europe agus páirtithe eile go ndearna CMR agus an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe toisc, agus ríomh Morrow agus staidéir Lee agus Heinrich á gcur i bhfeidhm, a rinneadh chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht agus inghlacthacht na staidéar sin, gur ghlac CMR le luach dhlús cháithníní dé-ocsaíde tíotáiniam 4.3 g/cm^3, bíodh nár mhór dó dlús chruinnithe nanaiméadracha cháithníní dé-ocsaíde tíotáiniam 'P25' le cur san áireamh aige a bhí, de réir na staidéar eolaíochta a luaitear sna codanna sin, 1.6 g/cm^3.

109 Mar fhreagra, d'áitigh an Coimisiún agus ECHA go raibh sé de cheart ag CMR gan dlús cruinnithe nanaiméadracha cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ach cáithníní na substainte sin a chur san áireamh, ós rud é nár sonraíodh i staidéar Heinrich dlús na gcáithníní arna dtástáil ná méid an chruinnithe agus bolcadh na gcáithníní sin agus, sna himthosca sin, gurbh iomchuí go gcuirfeadh CMR san áireamh luach caighdeánach dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam, is é sin an luach tagartha ar ghlac lucht na heolaíochta leis ó thaobh an dlúis sin.

110 I mír 97 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, luaigh an Chúirt Ghinearálta an méid a leanas: 'gan beann ar luach cruinn an dlúis a fháil amach a bhí le cur san áireamh ag CMR chun críocha [ríomh Morrow], rud [nach mbeadh] le scrúdú [aici] in aon chás, ba é a bhí i gceist thar aon rud eile le hargóintí [na gcosantóirí ag an gcéad chéim] ná an [ndearna] CMR earráid fhollasach mheasúnaithe ó thaobh an chineáil dlúis ar glacadh leis'.

111 Ba sa chomhthéacs sin, i mír 100 den bhreithiúnas sin, gur chinn an Chúirt Ghinearálta an méid a leanas: 'cé gur deimhin gur fíor […] nach raibh aon treoir i staidéar Heinrich ar dhlús ná méid an chruinnithe agus ar bholcadh na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam arna dtástáil', áfach, 'trí ghlacadh le luach dlúis a thagann le dlús cáithníní 4.3 g/cm^3 agus, dá bhrí sin, le dlús atá fós níos airde ná dlús cruinnithe cáithníní nanaiméadracha cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam [...], [níor thug] CMR an méid ar fad is ábhartha don chás seo san áireamh'. Ba iad a bhí sa mhéid sin, de réir na Cúirte Ginearálta, 'tréithe na gcáithníní arna dtástáil i staidéar Heinrich, go háirithe a méid nanaiméadrach agus a gcineál "P25", go raibh na caithníní sin tugtha don chruinniú agus go raibh cruinnithe na gcáithníní de dhlús níos lú ná na cáithníní agus, dá bhrí sin, gur mó toirt na gcruinnithe sin sna macrafagaigh ailbheolaigh.

112 I mír 103 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, 'gur [theip] ar CMR an méid is ábhartha ar fad a chur san áireamh ar mhaithe leis an bhfarasbarr scamhóige a ríomh le linn staidéar Heinrich trí [ríomh Morrow]' gan an méid arna shonrú i mír 100 den bhreithiúnas céanna a chur san áireamh agus 'go [ndearna] sé earráid fhollasach mheasúnaithe dá bhrí sin'. Thairis sin, i dtaca leis sin, soiléiríonn an Chúirt Ghinearálta 'gur cuireadh ó shochreidteacht thorthaí fheidhmiú an ríofa [sin] i staidéar [Heinrich] agus, dá bhrí sin, gur cuireadh trí earráid fhollasach mheasúnaithe ó chonclúidí CMR ar dá réir gurbh inghlactha an farasbarr scamhóige sa staidéar sin agus go raibh torthaí an staidéir sin inchreidte, ábhartha agus iomchuí go leor chun measúnú a dhéanamh ar charcanaigineacht fhéideartha dé-ocsaíde tíotáiniam'.

113 Is léir mar sin ó na cinntí de chuid na Cúirte Ginearálta a thugtar chun cuimhne i míreanna 110 go 112 den bhreithiúnas seo, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 95 dá Tuairim, gurbh earráid í gur chuir CMR san áireamh luach caighdeánach dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam chun críocha ríomh Morrow agus, in imthosca an cháis, go raibh úsáid le baint as luach dlúis níos lú, a thagann le luach dhlús chruinnithe na gcáithníní nanaiméadracha.

114 Leis an measúnú sin á dhéanamh, ní raibh an Chúirt Ghinearálta teoranta d'fhíorú gur chuir CMR san áireamh, mar is cóir, an méid ábhartha ar fad a bhí le cur san áireamh de réir an tsaineolais eolaíochta ar fáil, go háirithe, sa chás seo, mar a chinn an coiste sin ina thuairim, go raibh cáithníní nanaiméadracha de chineál 'P 25', ar nós na gcáithníní ar breathnaíodh orthu i staidéar Heinrich, de dhlús níos lú ná na cáithníní iad féin, tugtha don chruinniú.

115 Go deimhin, cé gur thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara, i mír 100 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mar a bhí áitithe ag an gCoimisiún agus ECHA os a comhair agus nach gcuireann Billions Europe agus páirtithe eile ina choinne, níor tugadh treoir trí staidéar Heinrich ar dhlús

ná méid chruinniú agus bholcadh na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam arna dtástáil, mheas sí, ach go háirithe, nach raibh luach caighdeánach dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam iomchuí, ó rud é go raibh an luach sin ‘níos airde i gcónaí’ ná luach dhlús na gcruinnithe.

116 Sa chomhthéacs, mar is léir ó chinntí féin na Cúirte Ginearálta, nach raibh sonraí ar fáil leis an gcineál iomchuí dlúis a shocrú go hinchreidte nach mór glacadh leis chun críocha fheidhmiú ríomh Morrow i staidéar Heinrich, ní raibh rialú le tabhairt aisti féin ar iomchuibheas luach dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ar ghlac CMR leis i bhfianaise chruinniú na gcáithníní sin, ar dá réir a bhí measúnú eolaíochta le déanamh agus, sa deireadh thiar, a chonclúidí féin a chur in ionad chonclúidí na n-údarás inniúil ina leith sin.

117 I gcomhréir le cásdlí socair, áfach, má nochtann forais chinneadh na Cúirte Ginearálta sárú ar dhlí an Aontais, ach is cosúil go bhfuil bunús maith leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin bunaithe ar fhorais dhlíthiúla eile, nach bhfuil mar thoradh ar shárú den sórt sin go ndéanfaí an cinneadh sin a neamhniú agus ní mór forais eile a chur ina n-ionad (breithiúnas an 23 Eanáir 2019, *Deza* v *ECHA*, C-419/17 P, EU:C:2019:52, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

118 I dtaca leis sin, mar a thugtar chun cuimhne i mír 107 den bhreithiúnas seo, fiú má tá cumhacht lánroghnach ag údaráis an Aontais a bhfuil baint aige chomh maith, go pointe áirithe, le socrú na sonraí atá le bheith ina mbunús le gníomh a ghlacadh a bhfuil siad inniúil air, ceanglaítear de réir an athbhreithnithe arna dhéanamh ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh i leith an ghnímh sin, mar sin féin, ar na húdaráis sin a bheith in ann a chruthú gur glacadh an gníomh i gceist de bhun fheidhmiú éifeachtach na cumhachta measúnaithe sin agus, go háirithe, gur chuir siad san áireamh a bhfuil ábhartha ar fad don chás a bhféachtar le baint a bheith ag an ngníomh sin leis.

119 Sa chás seo, ní mór a lua, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta i dtreis i mír 98 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ina tuairim, go raibh na príomhcháithníní de mhéid nanaiméadrach, ar nós na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam arna n-úsáid agus measúnú á dhéanamh ar staidéar Heinrich, tugtha don chruinniú. Mar a leagtar béim air sa mhír 98 chéanna, áfach, níor thug CMR an bharúil sin ach ‘i dtaobh aerasól, is iad sin cáithníní ar foluain san aer’ agus gan tagairt do cheangal féideartha le cineál dlúis nár mhór glacadh leis chun críocha fheidhmiú ríomh Morrow.

120 Ní chuireann na hachomharcóirí agus na páirtithe eile ar thaobh a seasamh ina choinne, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta i dtreis, go bunúsach, i mír 101 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh tionchar inimeartha trí chruinniú sin na cáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ar an measúnú ar luach a ndlús agus, dá bhrí sin, ar chur i bhfeidhm ríomh Morrow maidir leis na staidéir lena mbaineann, ós rud é go raibh an luach sin ar pharaiméadair an ríofa sin. Dá bhrí sin, bhí ar CMR an paraiméadar sin a chur san áireamh chun críocha an ríofa sin.

121 Mar sin féin, agus cé gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 99 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh na páirtithe ar comhthuiscint gur lú dlús chruinnithe na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ná dlús na bpríomhcháithníní, is léir ó shaincheisteanna dlí an bhreithiúnais sin nár fhéidir leis an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, de réir aon rud i dtuairim CMR, gur bhain an coiste sin leas as a chumhacht lánroghnach go héifeachtach agus gur chuir sé an cruinniú san áireamh mar is cóir le cinneadh nár mhór, in ainneoin na difríochta dlúis sin, glacadh le luach a théann le luach caighdeánach na bpríomhcháithníní dé-ocsaíde tíotáiniam.

122 Thairis sin, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, d’ainneoin na cumhachta móire lánroghnaí atá ag údaráis an Aontais, bíonn Cúirteanna an Aontais Eorpaigh inniúil ar scrúdú a dhéanamh ar thug siad neamhaird ar na codanna ábhartha de staidéar inchreidte a d’athrófaí measúnú

foriomlán na fianaise a bhíonn acu agus a chuirfí ó shochreidteacht an chinnidh chríochnaithigh a bhain siad amach sa ghníomh atá faoi achomharc lena gcur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2023, *PlasticsEurope* v *ECHA*, C-119/21 P, EU:C:2023:180, mír 52.

123 Dá bhrí sin, na húdair éiginnteachta arna n-agairt ag an gCoimisiún agus ECHA faoi chruinniú agus faoi dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam, a bhíonn ann agus measúnú á dhéanamh ar staidéar Heinrich, ní fhéadfaí CMR a chur ón dualgas tríothu measúnú a dhéanamh ar an gcruinniú sin agus ar a thionchar féideartha ar luach dhlús na gcáithníní nach mór glacadh leo agus ríomh Morrow á chur i bhfeidhm maidir leis an staidéar sin, de bhun na staidéar eolaíochta is inchreidte agus is déanaí, ar mhaithe le cinntiú gurbh iomchuí an luach dlúis arna roghnú faoi dheireadh. Níor fhéidir cosc a chur trí na húdair éiginnteachta sin ar an gCúirt Ginearálta, agus an rogha sin á cur faoi chonspóid de bhun staidéir eolaíochta os a comhair, a scrúdú an raibh an oibleagáid sin comhlíonta ag an gcoiste sin ach oiread.

124 Maidir le hargóint an Choimisiúin agus ECHA atá bunaithe air go raibh sé de mhian éascaíocht a dhéanamh do staidéar Lee a chur i gcomparáid le staidéar Heinrich agus gan ábhar éiginnteachta a chur leis an gcomparáid sin, níor mhínigh na páirtithe sin, os comhair na Cúirte Ginearálta ná os comhair na Cúirte Breithiúnais, an chúis leis gurbh fhéidir cur ó inchreidteacht na comparáide idir an dá staidéar sin trína mhalairt de luach dlúis ar luach caighdeánach na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam a roghnú, ina n-áirítear i gcás ina raibh an luach dlúis ar glacadh leis i gcomhréir níos mó leis na sonraí atá ar fáil de réir staidéar Heinrich.

125 De réir na saincheisteanna dlí roimhe seo, d'ainneoin gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta go hearráideach, sa chás seo, go raibh measúnú le déanamh aici ar iomchuibheas rogha luach caighdeánach dhlús na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam, ar ghlac CMR leis chun críocha ríomh Morrow a chur i bhfeidhm, ní dhearna sí earráid dlí trí rialú gur theip ar CMR an méid ábhartha ar fad a chur san áireamh ar mhaithe leis an bhfarasbarr scamhóige a ríomh chun críocha an mheasúnaithe ar staidéar Heinrich tríd an ríomh sin.

126 I bhfianaise na mbreithnithe go léir thuas, ní mór diúltú don dá shaincheist dlí.

Na tríú agus ceathrú saincheisteanna dlí i gCás C-71/23 P agus an tríú saincheist dlí i gCás C-82/23 P, lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua agus earráid dlí, sa mhéid gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta nach raibh dé-ocsaíd tíotáiniam ina 'substaint de mhianach inchothaitheachta ailse' de réir bhrí mhír 3.6.2.2.1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008

Argóintí na bpáirtithe

127 Trína tríú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na Fraince go gcuirtear míreanna 157 agus 158 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ó bhail trí mhainneachtain cúiseanna a lua. I dtaca leis sin, áitíonn Poblacht na Fraince, cé gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 158 den bhreithiúnas sin, go raibh cainníocht na gcáithníní arna n-ionanálú 'ar na heochairchodanna den tocsaineacht a tugadh faoi deara', nár bhraith sí air sin ach le cinneadh nach raibh modh gníomhaíochta na gcáithníní dé-ocsaíde tíotáiniam ag brath ar mhianach inchothaitheachta ailse na substainte sin. Ar mhaithe le teacht ar an gconclúid sin, líomhnaíonn sí gur gá don Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar 'na heochairchodanna [uile] den tocsaineacht a tugadh faoi deara' agus ní ar cheann acu amháin.

128 Trína ceathrú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na Fraince agus, lena tríú saincheist dlí, an Coimisiún, le tacaíocht ó Ríocht na Sualainne agus ECHA, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus léiriú á dhéanamh, go hearráideach, ar an gcoincheap 'airíonna intreacha' substainte i bhfianaise leagan amach agus cuspóirí Rialachán Uimh. 1272/2008.

129 Áitíonn Poblacht na Fraince, ar dtús, gur bun í le réasúnú na Cúirte Ginearálta, go háirithe mír 158 den bhreithiúnas sin, an bhuntuiscint nach féidir a mheas go bhfuil substaint de mhianach inchothaitheachta ailse is léir gur carcanaigineach í i méid áirithe caithníní arna n-ionanálú di. Ba shaorga earráideach an bhuntuiscint sin. Anuas air sin, ní bheadh an réasúnú sin i gcomhréir leis an gcuspóir do Rialachán Uimh. 1278/2008, arna leagan amach in aithris 1 agus Airteagal 1(1) de maidir le cinntiú go mbeadh sláinte an duine agus an comhphobal faoi ard-chosaint. Faoi dheireadh, ba é ba bhun leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc ná léiriú earráideach ar bhreithiúnas an 21 Iúil 2011, *Nickel Institute* (C-14/10, EU:C:2011:503).

130 Óna thaobh de, maidir leis an gcéad chuid den tríú saincheist dlí, líomhnaíonn an Coimisiún nach gcuirtear san áireamh a ndóthain trí léiriú na Cúirte Ginearálta ar an gcoincheap 'airíonna intreacha', i míreanna 135 go 142 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, comhthéacs agus cuspóir Rialachán Uimh. 1272/2008 agus sáraítear leis prionsabal an réamhchúraim. I bhfianaise an léirithe chomhthéacsúil agus theileolaíoch sin, ní mór a chinneadh nach gá gur leor comhdhéanamh ceimiceach substainte lena hairíonna intreacha a shocrú, ar dá réir a d'fhéadfaí í a aicmiú mar shubstaint ghuaiseach. Go háirithe, d'fhéadfadh a leithéid d'airíonna a bheith san fhoirm nó sa chruth fisiciúil sainiúil a chuirtear an tsubstaint sin ar an margadh ar dá réir a bhfuil an t-aicmiú sin de dhíth ar a chinntiú go bhfuil úsáideoirí faoi lánchosaint. B'amhlaidh an cás anseo, i bhfianaise choinneáil agus laghad intuaslagthachta na dé-ocsaíde tíotáiniam. Thairis sin, áitíonn an institiúid sin go gcuirtear idir theorainn le cur i láthair na fianaise ar an mbun sin agus do chumas úsáideoirí réamhchúraim a ghlacadh agus ó infheidhmeacht gníomhartha dlí eile de bhun an mheasúnaithe ar na rioscaí gan éifeachtaí carcanaigineacha substainte a chur san áireamh agus an tsubstaint sin á haicmiú agus á lipéadú.

131 Thairis sin, cuireann an Coimisiún i gcoinne ábharthacht an idirdhealaithe arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta i mír 166 den bhreithiúnas atá faoi achomharc idir forálacha Rialachán Uimh. 1272/2008 is infheidhme maidir le féin-aicmiú agus na forálacha is infheidhme maidir leis an aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe.

132 Leis an dara cuid dá thríú saincheist dlí, áitíonn an Coimisiún, i míreanna 157 go 160 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí ábharthacht mhéid na gcáithníní arna n-ionanálú agus an modh gníomhaithe a bhaineann le carcanaigineacht cháithníní na dé-ocsaíde tíotáiniam a thógáil in ábhraíocht, ar thaobh amháin, leis an gcoincheap 'airíonna intreacha', ar an taobh eile, a bhaineann leis an bhfoirm agus le coinneáil agus laghad intuaslagthachta na substainte atá idir lámha sa chás seo. Líomhnaítear gur theip ar an gCúirt Ghinearálta pointe 3.6.1.1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 1272/2008 a chur san áireamh chomh maith.

133 Cuireann CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile i gcoinne fhiúntais na n-argóintí sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

134 Is léir ó chásdlí socair nach bhféadfadh gearáin i gcoinne fhorais chinneadh na Cúirte Ginearálta a bheith ina gcúis le neamhniú an chinnidh sin agus níl feidhm leo mar sin (breithiúnas an 10 Samhain 2022, *Laboratoire Pareva* v *an Coimisiún*, C-702/21 P, EU:C:2022:870, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

135 Sa chás seo, ní mór a lua, i mír 122 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur sheas an Chúirt Ghinearálta leis an gcéad chuid den chéad ghearán, lena n-éilítear go ndearnadh earráidí follasacha measúnaithe maidir le hinghlacthacht agus inchreidteacht staidéar Heinrich. I mír 123 den bhreithiúnas sin, shonraigh sí, áfach, nár mhór, 'ar mhaithe le dea-riarachán an cheartais', scrúdú a dhéanamh ar an gcaingean agus rialú a thabhairt ar an dara cuid den chéad ghearán sin, lena n-éilítear nárbh é a bhí i gceist leis an aicmiú agus lipéadú atá faoi chonspóid ná substaint de mhianach inchothaitheachta ailse 'chun réiteach iomlán a thabhairt ar an díospóid'.

136 Tugtar le tuiscint uaidh sin go gcuirtear i gcoinne bhreis foras ar a bhfuil i gceist leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc trí an tríú saincheist dlí agus an ceathrú saincheist dlí i gCás C-71/23 P agus trí an tríú saincheist dlí i gCás C-82/23 P, a bhaineann leis na breithnithe ba bhun ag an gCúirt Ghinearálta lena scrúdú ar an dara cuid agus nach mór diúltú dóibh toisc iad a bheith ó fheidhm mar sin.

137 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dá achomharc.

Costais

138 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina bhfuil an t-achomharc gan bhunús, déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh maidir leis na costais.

139 Foráiltear le hAirteagal 138(1) de na Rialacha sin, is infheidhme maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de na Rialacha sin, go n-ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis.

140 Sa chás seo, ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile go n-íocfaidh Poblacht na Fraince agus an Coimisiún na costais agus nár éirigh leo lena saincheisteanna dlí, ní mór a ordú dóibh a gcostais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag CWS agus páirtithe eile chomh maith le Billions Europe agus páirtithe eile i gCásanna C-71/23 P agus C-82/23 P faoi seach.

141 De réir Airteagal 184(4) de na Rialacha céanna, d'fhéadfadh an Chúirt a ordú d'idiragraí ag an gcéad chéim a ghlacann páirt sna himeachtaí achomhairc a chostais féin a íoc.

142 Sa chás seo, ní mór a chinneadh go bhfuil a gcostais féin le híoc ag Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na Sualainne, ECHA chomh maith le Cefic agus páirtithe eile.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear do na hachomhairc.**

2. **Ordaítear do Phoblacht na Fraince a costais féin agus na costais arna dtabhú ag CWS Powder Coatings GmbH, Brillux GmbH & Co. KG, Daw SE, Billions Europe Ltd, Cinkarna Metalurško-kemična Industrija Celje d.d. (Cinkarna Celje d.d.), Evonik Operations GmbH, Kronos Titan GmbH, Precheza a.s., Tayca Corp., Tronox Pigments (Holland) BV, Venator Germany GmbH agus na costais ag Sto SE & Co. KGaA i gCás C-71/23 P a íoc.**

3. **Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag CWS Powder Coatings GmbH, Brillux GmbH & Co. KG, Daw SE, Billions Europe Ltd, Cinkarna Metalurško-kemična Industrija Celje d.d. (Cinkarna Celje d.d.), Evonik Operations GmbH, Kronos Titan GmbH, Precheza a.s., Tayca Corp., Tronox Pigments (Holland) BV, Venator Germany GmbH agus na costais ag Sto SE & Co. KGaA i gCás C-82/23 P a íoc.**

4. **Ordaítear do Ríocht na hÍsiltíre, do Ríocht na Sualainne, don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus don Chomhairle Eorpach um Thionscal na gCeimiceán – European Chemical Industry Council (Cefic), don Chomhairle Eorpach um Thionscal na bPéinteanna, na nDúch Priontála agus na nDathanna Ealaíontóirí (CEPE), do British Coatings Federation Ltd (BCF) agus do American Coatings Association, Inc. (ACA) a gcostais féin a íoc.**

Sínithe